



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Creat don Fhreagairt ar Úsáid Substaintí Neamhcheadaithe san Ardoideachas

Bunaithe ar Thuarascáil an Ghrúpa
Mearfhreagartha (GMF) ar Úsáid Substaintí
Neamhcheadaithe san Ardoideachas

Clár

Brollach – An tAire Mary Mitchell O’Connor.....	3
1. Réamhrá	6
2. Moltaí Achomair	7
3. Comhthéacs Sochaíoch	10
4. Tírdhreach Reatha an Ardoideachais	12
5. An Straitéis Náisiúnta Drugaí agus Alcól 2017-2025 – Díobháil a Laghdú agus Tacú leis an Athshlánú	14
6. Moltaí don Ghníomhú ag Institiúidí Ardoideachais.....	16
CEANNASAÍOCHT INSTITIÚIDEACH	17
RANPHÁIRTÍOCHT MAC LÉINN	19
RANPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL.....	21
SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ	22
7. Bailiú Sonraí	24
Aguisín 1 – Baill an GMF	26
Aguisín 2 – Institiúidí atá Páirteach i mBailiú Sonraí	28

Brollach – An tAire Mitchell O'Connor

Ar 25 Meán Fómhair 2019 thionól mé cruinniú den Ghrúpa Mearfhreagartha, ina raibh acadóirí, Gardaí, mic léinn agus chéad fhreagróirí in institiúidí, agus tugadh an tasc dóibh plean gníomhaíochta a chruthú le plé le mí-úsáid drugaí agus substaintí inár n-institiúidí ardoideachais.

Tá gach druga dainséarach, gach ceann acu ag cur an úsáideora i bpríacal fisiciúil, síceolaíoch agus airgeadais. Is féidir le húsáid neamhcheadaithe drugaí iarmhairtí suntasacha a bheith acu do mhic léinn, go háirithe má thosaítear go luath le linn a dtréimhse ardoideachais. Ina measc bíonn: tionchair dhiúltacha ar thorthaí acadúla, méadú ar na rátaí luathfhágála, moill ar bhaint amach céime, díbirt nó fionraí, teip ar chéim a bhaint amach, agus iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ar threo na gairme. Is féidir le húsáid drugaí neamhcheadaithe dul i bhfeidhm go suntasach ar mheabhairshláinte agus tá nasc léirithe idir é agus baol méadaithe ar chomharthaí dúlagair, féinchochar d'aon ghnó, idéú féinmharfaigh, agus iarrachtaí ar fhéinmharú.

Tá dualgas ar Institiúidí Ardoideachais (IAO) sláinte agus folláine na mac léinn a chothú agus a chosaint. Ar aon dul le hIAOí atá saor ó thobac, is cóir d'institiúidí agus a n-árais chónaithe a bheith saor ó dhruaí. Do mhic léinn áirithe, cuireann an díobháil a chruthaíonn drugaí aindleathacha a rath i mbaol.

Bíonn ionchur ag mic léinn, a dteaghlach, a bpáirtnéirí agus a ngrúpaí sóisialta sa dearcadh a chothaítear i leith drugaí agus i leith na dtacaíochtaí atá ar fáil dóibh. Cé go bhfuil an-chuid lasmuigh de smacht IAOí, ó thaobh na noirm shochoíochta atá ag teacht chun cinn agus na freagrachtaí aonair, tá ról tábhachtach mar sin féin ag ár nIAOí i leas na mac léinn ó thaobh caighdeáin a shocrú, freagairt do na riachtanais atá acu agus cultúr dearfach a chothú. Is féidir leis na hIAOí cuidiú le dul i ngleic leis na díobhálacha a bhaineann le drugaí neamhcheadaithe a úsáid trí ghníomhartha a chur i bhfeidhm ar féidir leo an líon mac léinn a roghnaíonn úsáid drugaí a laghdú, nó an díobháil a dhéantar do na mic léinn sin a laghdú.

Níl tuiscint chuimsitheach againn faoi láthair ar úsáid drugaí ag mic léinn ardoideachais. Cruthaíonn sé sin dúshlán nuair a bhíonn polasaithe fiúntacha, agus creata chun díobháil a laghdú, á bhforbairt do na mic léinn. In 2019, d'iarr mise ar an Dochtúir Michael Byrne in Ollscoil Chorcaí sonraí forleathan a bhailiú ó gach institiúid ardleibhéal. Fianaise starógach atá ar fáil sna staitisticí faoi úsáid drugaí agus tá pictiúr soiléir agus cruinn á lorg agamsa ar mhéid na faidhbe. Is é seo an chéad suirbhé dá chineál in Éirinn, a bhaileoidh eolas cuimsitheach ó gach earnáil ar leith faoin líon úsáide agus neamh-úsáide i measc na mac léinn.

Cé go bhfuil raon samplaí dea-chleachtais i measc na nIAOí, díríonn na moltaí ón nGrúpa Mearfhreagartha ar an easpa cur chuige i leith na faidhbe ar fud na hearnála ardoideachais.

Cinntoidh na gníomhartha atá á éileamh agamsa ar na hinstitiúidí, tar éis breathnú ar thuarascáil an Ghrúpa, go mbeidh polasaithe stóinsithe i bhfeidhm ag ár n-institiúidí go léir chun dul i ngleic leis na ceistanna seo.

San obair a rinne mé ó ceapadh mé mar Aire don Ardoideachas, chinntigh mé go bhfuil fócas níos leithne ar fholláine na mac léinn. Tá folláine na mac léinn ríthábhachtach domsa. Déanfar an fócas seo ar mhic léinn a leabú sa tosaíocht Éire Shláintiúil Campas Sláintiúil a bheidh á rollú amach i mbliana ag an Roinn Sláinte in ár n-institiúidí ardoideachais.

Tá na gníomhartha atá á mholadh agamsa do na hinstitiúidí de réir Straitéis Náisiúnta Drugaí an Rialtais, *'Díobháil a Laghdú, Tacaíocht don Athshlánú'*. Aithnítear sa straitéis na rioscaí a bhaineann le húsáid drugaí i measc daoine óga, lena n-áirítear pobal na mac léinn, agus an tábhacht a bhaineann le hoideachas ardcháilíochta do dhrugaí agus alcól. Moltar ann oideachas ar úsáid substaintí a bheith ar fáil taobh le taobh le cláir fholláine, feachtais eolais agus bearta coisctheacha eile. Nuair a bhaintear úsáid le chéile as na bearta seo ar laghdú díobhála, soláthar oideachais agus bearta coisctheacha, cuirtear na huirlisí ar fáil do dhaoine óga le roghanna eolasacha a dhéanamh chun a sláinte agus a bhfolláine a chosaint agus a fheabhsú.

1. Réamhrá

Ar 24 Meitheamh 2019, tionóladh cruinniú chun tuairimí a éileamh ó raon acadóirí, cleachtóirí agus saineolaithe oideachais, cúram sláinte agus forfheidhmiú dlí ar an gceist a bhaineann le húsáid drugaí san ardoideachas in Éirinn. Cuireadh tús leis an tionscnaíocht seo mar thoradh ar roinnt básanna tragóideacha a tharla do mhic léinn triú leibhéal tar éis dóibh drugaí a úsáid.

I ndiaidh an chruinnithe, cuireadh tús le roinnt gníomhaíochtaí chun tuiscint bhreise a fháil agus freagairtí a fhorbairt ar na ceisteanna a pléadh. Ina measc seo bhí bunú an Ghrúpa Mearfhreagartha (GMF) idirghníomhaireachta agus é mar chuspóir Plean Gníomhartha ilchodach a dhréachtadh, i gcomhréir leis an straitéis náisiúnta.

Bhí an Dochtúir Andrew Power, Cláraritheoir na hInstitiúide Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta (IADT) mar chathaoirleach ar an GMF, agus is é an Dochtúir Michael Byrne, Ceann na Seirbhísí Sláinte do Mhic Léinn in Ollscoil Chorcaí, a bhí mar threoraí. Bhí cruinniú ag an ngrúpa ar 25 Meán Fómhair 2019 chun tús a chur leis an obair agus sholáthraigh an grúpa a thuarascáil ar an obair ó shin, ina bhfuil fáil ar shraith moltaí don bhreithniúchán.

Bunaithe ar shamplaí dea-chleachtais, taithí an ghrúpa go hiomlán, agus an fhoghlaim ó thaighde atá ann cheana, tá sraith moltaí ar fáil ón GMF. Tá na moltaí leagtha amach faoi cheithre phríomhthéama, agus iad sin bunaithe ar, agus de réir, na nithe seo a leanas:

- Reachtaíocht atá ann cheana féin maidir le húsáid agus mí-úsáid drugaí .
- An Straitéis Náisiúnta Drugaí agus Alcól 2017-2025 – Díobháil a Laghdú agus Tacú leis an Athshlánú.
- An Chairt agus an Creat Náisiúnta um Champas Sláintiúil atá ag éabhlú.

- An fhoghlaim ó obair atá déanta cheana ag an tríú leibhéal chun dul i ngleic le díobháil a bhaineann le drugaí agus alcól, lena n-áirítear REACT (Reacting to Excessive Alcohol Consumption in Third-level).
- Ionchur agus saineolas na mball éagsúla den GMF.

Moltaí comhlántacha iad seo, sa bhreis ar ghníomhartha agus ar ghníomhaíochtaí ó eagraíochtaí eile, cosúil le Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte agus an Roinn Sláinte.

Tá an doiciméad seo bunaithe ar agus ag freagairt don obair a rinne an grúpa agus tacaítear leis na moltaí.

2. Moltaí Achomair

Príomhghníomhartha a Mholtar d'Institiúidí Ardoideachais

Chun an líon mac léinn a chinneann drugaí a úsáid a laghdú, agus an díobháil a dhéantar do mhic léinn a roghnaíonn drugaí a laghdú, moltar d'IAOí tabhairt faoi na ceithre phríomhghníomhartha seo a leanas

- | | |
|---|---|
| 1 | Is cóir do gach institiúid ardoideachais Polasaí ar Úsáid Drugaí agus Alcóil, a bhaineann go sonrach leis an IAO, a fhorbairt. |
| 2 | Is cóir do gach institiúid ardoideachais Plean Gnímh ar Úsáid Drugaí agus Alcóil, a bhaineann go sonrach leis an IAO, a fhorbairt agus a fheidhmiú. |

3	Is cóir do gach institiúid ardoideachais Oifigeach Sinsearach san IAO a ainmniú chun freagracht a ghlacadh ar fhorbairt an Pholasaí a threorú agus Plean Gnímh a chur i bhfeidhm.
4	Is cóir do gach institiúid ardoideachais rannpháirtíocht na mac léinn a éascú chun sonraí leibhéal náisiúnta faoi úsáid drugaí in IAOí a bhailiú.

Moltar 12 mholadh breise freisin faoi 4 théama

Ceannasaíocht Institiúideach	Is cóir d'IAOí meastóireacht fhoirmiúil a dhéanamh, ar a laghad uair gach trí bliana, ar éifeachtacht a bPlean Gnímh ar Úsáid Drugaí agus Alcól,.
	Is cóir d'IAOí cóiríocht agus spásanna sóisialta ar an gcampas a sholáthar do mhic léinn atá saor ó dhruaí, substaintí, alcól agus tobac.
	Is cóir d'IAOí spás a sholáthar ar an gcampas IAO do ghrúpaí tacaíochta atá ag obair leo siúd atá ag streachailt le mí-úsáid drugaí agus alcól.
Rannpháirtíocht na Mac Léinn	Is cóir d'IAOí uirlis scagthástála agus idirghabhála oideachais ar líne a sholáthar agus a chur chun cinn go gníomhach do mhic léinn
	Is cóir díriú ar cheisteanna sábháilteachta i gcomhthéacs ábhair mheisciúla ar nós drugaí agus alcól nuair a bhíonn gach ócáid mhórsála do mhic léinn á eagrú.
	Is cóir d'IAOí córas um Tacaíocht an Phobail do Mhic Léinn a fhorbairt agus a fheidhmiú.
Rannpháirtíocht an Phobail	Is cóir d'IAOí cruinniú bliantúil a thionól le páirtithe leasmhara áitiúla.
	Is cóir d'IAOí páirtnéireachtaí a fhorbairt le grúpaí pobail áitiúla ábhartha.

Soláthar Seirbhísí	Is cóir seirbhísí comhairleoireachta do Dhrugaí agus Alcól a bheith ar fáil do mhic léinn san IAO.
	Is cóir d'IAOí conair atreoraithe infheicthe agus inrochtana a fhorbairt do sheirbhísí mac léinn chun andúil a mheas agus a chóireáil.
	Is cóir d'IAOí idirbheartaíochtaí a sholáthar a bhíonn dírithe ar na grúpaí is mó atá i mbaol.
	Is cóir d'IAOí oiliúint a sholáthar don fhoireann agus do mhic léinn faoin tslí le hidirghabháil agus comhairle ghonta a sholáthar.

3. Comhthéacs Sochaíoch

Tá úsáid drugaí neamhcheadaithe i measc daoine óga mar bhagairt ollmhór do shláinte an phobail san Eorap. Tá an ceathrú cuid (25%) de dhaoine 18-21 bliana d'aois agus 41% de dhaoine 21-24 bliana d'aois ag tuairisciú úsáid drugaí neamhcheadaithe i gcaitheamh a saolta.¹ Is beag taighde ar fad atá déanta ar an bpobal seo in Éirinn,² mar díríonn a lán den taighde ar phobail ag an dara leibhéal,³ nó bíonn an taighde bunaithe ar an Eorap nó ar na Stáit. Ón taighde Éireannach atá ar fáil, tá an-éagsúlachtaí ar fad sna rátaí úsáide atá luaite leis an daonra.

In 2002 agus 2003, ghlac institiúidí tríú leibhéal na hÉireann páirt sa chéad staidéar náisiúnta ar stíl mhaireachtála (CLAN) i measc na bhfochéimithe lán-aimseartha.⁴ Léiríodh gurbh é an cannabis an druga neamhdhleathach ba

¹ European Monitoring Centre for Drugs and Drug Addiction. Annual Report 2012: The State of the Drug Problem in Europe. Publications Office of the European Union; 2012. 9291685380.

² Bennett TH, Holloway KR. Drug use among college and university students: findings from a national survey. J Subst Use. 2015; 20(1):50-55. WOS: 000346702800010 DOI: 10.3109/14659891.2013.878762.

³ Bennett TH, Holloway KR. Drug misuse among university students in the UK: implications for prevention. Substance Use & Misuse. 2014; 49(4):448-455. 24131261 DOI: 10.3109/10826084.2013.846378

⁴ Hope A, Dring C, Dring J. College Lifestyle and Attitudinal National Survey (CLAN). Health Promotion Unit, Department of Health & Children. 2005

choitianta a bhí in úsáid ag fochéimithe in Éirinn. Thuairiscigh os cionn an tríú cuid (37%) gur úsáid siad an druga sin le 12 mhí anuas agus dúirt duine as gach cúigear (20%) go raibh sé úsáidte acu le 30 lá anuas.⁵ Bhí níos mó mac léinn fireann a dúirt gur úsáid siad cannabis le bliain anuas (45%) agus le 30 lá anuas (30%) i gcomparáid le mic léinn bainneann. Thuairiscigh an suirbhé My World a rinneadh in 2012 gur thug daoine óga (a bhformhór a bhí ag staidéar ag an tríú leibhéal) le fios go raibh ardleibhéil substaintí in úsáid acu, le 45% ag tuairisciú gur úsáid siad cannabis.⁶ Tá an líon seo méadaithe go 53% sa My World Survey 2 a foilsíodh le déanaí ⁷.

Tuairiscíodh ó shuirbhé teoranta ar mhic léinn, a rinne 2,701 mac léinn in 2014 in IAOí éagsúla ar fud na hÉireann, go raibh 82% de fhreagróirí tar éis drugaí neamhdhleathach a bhlaiseadh.⁸ Ba é an cannabis an druga ba choitianta agus é á rá ag 55% de mhic léinn gur bhain siad triail as, agus dúirt 26% gur bhain siad triail as ecstais agus dúirt 9% gur úsáid siad siabhraigíní.⁹ Is cosúil gur léirigh torthaí an tsuirbhé seo méadú géar ar úsáid drugaí neamhcheadaithe ón scéal a bhí ann deich mbliana roimhe sin. Bhí méid an tsampla sách beag agus tá sé i gceist ag an suirbhé náisiúnta, Úsáid Drugaí san Ardoideachas in Éirinn, a bheidh faoi stiúir na foirne tionscadail *My Understanding of Substance-use Experiences* (MiUSE) in Ollscoil Chorcaí, agus treoraithe ag an Dochtúir Michael Byrne, pictiúr níos iomláine a sholáthar.

Is i gcomhthéacs sochaíoch a bhíonn ag athrú agus ag éabhlú a sholáthraítear an t-ardoideachas. Léiríonn na suirbhéanna thuasluaite tírdhreach ina mbíonn

⁵ Ibid.

⁶ Dooley BA, Fitzgerald A. My World Survey: National Study of Youth Mental Health in Ireland. Headstrong and UCD School of Psychology; 2012. 0957260806.

⁷ Dooley BA, B, O'Connor, C, Fitzgerald, A, & O'Reilly.. My World Survey 2: National Study of Youth Mental Health in Ireland. UCD School of Psychology and Jigsaw; 2019.

⁸ Bingham T, O'Driscoll C, De Barra G. National student drug survey 2015.

⁹ Ibid.

mic léinn agus oideachasóirí ag feidhmiú. Caithfear a aithint go bhfuil mórchuid de seo lasmuigh de smacht na nIAOí, ó thaobh noirm shoचाई atá ag éabhlú agus freagrachtaí an duine féin. Tá ról ag mic léinn, agus ag a dteaghlach agus a ngrúpaí sóisialta, do dhearcadh an duine aonair i leith drugaí agus i leith na dtacaíochta a bhíonn ar fáil dóibh. Mar sin féin, bíonn ról tábhachtach ag ár nIAOí do leas na mac léinn, caighdeáin a dheimhniú, freagairt dá riachtanas agus cultúr dearfach a chothú.

4. Tírdhreach Reatha an Ardoideachais

Fadhb shoचाईoch í úsáid drugaí agus dá bhrí sin tá gach cosúlacht go mbaineann an fhadhb le gach IAO. Is beag sonraí iontaofa atá ar fáil, áfach, faoi leitheadúlacht úsáid na ndrugáí agus is beag fianaise atá ann ar na cúiseanna neamh-úsáide, na spreagthaí don úsáid, agus na leibhéil dhíobhála a dhéantar do mhic léinn a roghnaíonn drugaí a úsáid. Nuair a dhéanann an mac léinn féintuairisciú ar úsáid drugaí, i measc raon na dtacaíochtaí a bhíonn ar fáil i bhformhór na nIAOí, bíonn tacaíocht mhíochaine, tacaíocht chomhairleoireachta, oifigigh leasa chumann na mac léinn, atreoruithe speisialta, comhairle ón FSS (lena n-áirítear seirbhísí tascfhórsaí drugaí agus alcóil go háitiúil agus go náisiúnta) agus An Garda Síochana. Bíonn Aontas na Mac Léinn in Éirinn agus a lán aontas mac léinn go háitiúil gafa i ngníomhaíochtaí feasachta ar úsáid substaintí agus ar chur chuige i leith laghdú díobhála.

Cé go bhfuil polasaithe forbartha ar úsáid alcóil ag a lán IAOí agus pleananna gníomhaíochta i bhfeidhm, is beag gafacht ag IAOí le ceist úsáide na ndrugáí. Ní éiríonn le tosaíochtaí, a dhíríonn ar thréanas agus ar chosc amháin, timpeallachtaí do champais shláitiúla a chruthú agus a choinneáil.¹⁰ Cé nach bhfuil ach tús curtha leo, tá ag éirí níos fearr le tosaíochtaí ina bhfuil bearta chun díobháil a laghdú. Aithnítear sa chur chuige ar dhíobháil a laghdú nach bhfuil aon dul as ach go leanfaidh leibhéal áirithe úsáide drugaí sa tsochaí, agus, dá réir sin, gur é an cuspóir ná na hiarmhairtí díobhálacha a bhíonn ag an úsáideoir agus ag daoine eile mar thoradh ar úsáid drugaí a laghdú.

Bíonn éagsúlachtaí sa leibhéal úsáide drugaí agus andúile a thuairiscítear mar chúis le dul chuig seirbhísí comhairleoireachta agus aonaid sláinte. Is sna hIAOí agus sna ceantair uirbeacha is mó a bhíonn na leibhéil is airde. Fianaise starógach a bhíonn ar fáil go minic ar na sonraí a bhaineann le leibhéal úsáide drugaí áineasa agus drugaí andúile, ina dtugtar le fios go mbíonn drugaí ar fáil gan stró má 'fhiosraítear timpeall'. Is deacair freisin eolas cruinn a fháil ar an bhfáil atá ar dhruaí i suíomhanna campas agus i gcóiríocht do mhic léinn. Is minic go dtagann úsáid substaintí ag mic léinn chun solais nuair a eascraíonn fadhb shóisialta, fadhb mhíochaine nó fadhb sa ghnóthachtáil acadúil.

Bíonn roinnt IAOí gafa le gníomhaíochtaí ardú feasachta ar cheist úsáide drugaí agus bíonn fócas na gníomhaíochta dírithe go forleathan ar úsáid a chosc agus tacú le mic léinn a roghnaíonn gan drugaí a úsáid. Bíonn roinnt de Thascfhórsaí Drugaí agus Alcól na FSS ag obair go dlúth le heagraíochtaí na mac léinn chun eolas a sholáthar faoi dhruaí agus chun seirbhísí áitiúla a rochtain ar an gcampas.

Is é an fócas is mó a bhaineann le polasaithe IAOí ar dhruaí agus alcól ná tacú le mic léinn roghanna dearfacha a dhéanamh. Go dtí seo, d'fhéadfadh go raibh drogall ar IAOí dul i ngleic le cur chuige ar laghdú díobhála toisc inní a bheith orthu go bhféadfaí a thuiscint óna 'leithéid de chur chuige go raibh úsáid drugaí á cheadú nó go bhféadfadh a leithéid an bonn a bhaint de na hiarrachtaí ar chur chuige neamh-úsáide.

Iarmhairtí neamhfhabhracha mar thoradh ar dhruaí a úsáid

Is féidir le húsáid neamhcheadaithe drugaí iarmhairtí suntasacha a bheith acu do mhic léinn, go háirithe má thosaítear go luath le linn a dtréimhse ardoideachais. Ina measc bíonn: tionchair dhiúltacha ar thorthaí acadúla, méadú ar na rátaí luathfhágála, moill ar bhaint amach céime, díbirt nó fionraí, teip ar chéim a bhaint amach, agus iarmhairtí ar threo na gairme. Luaigh mic léinn neamhláithreacht ó ranganna agus gráid níos ísle mar thoradh ar dhruaí neamhcheadaithe. Tá roinnt básanna tragóideacha tarlaithe freisin i measc an phobail tríú leibhéal.

¹⁰ Ralph J. Castro MS & Betsy D. Foy MHS, CHES (2002) Harm Reduction: A Promising Approach for College Health, Journal of American College Health, 51:2, 89-92, DOI: 10.1080/07448480209596335

5. An Straitéis Náisiúnta Drugaí agus Alcól 2017-2025 – Díobháil a Laghdú agus Tacú leis an Athshlánú

Foilsíodh an Straitéis Náisiúnta Drugaí agus Alcól i mí Iúil 2017 agus is éard atá ann ná creat chun plé le ceisteanna a bhaineann le húsáid Drugaí agus Alcól. Is cur chuige rialtais uile é ‘Díobháil a Laghdú, Tacaíocht don Athshlánú’ a leagann an bhéim ar fhreagairt sláinte-threoraithe i leith úsáid drugaí agus alcól in Éirinn.

Is é seo an triú straitéis náisiúnta ó 2001 i leith, agus léiríonn sé an gá atá ann na díobhálacha a bhaineann le húsáid substaintí a laghdú mar aon leis na bunchúiseanna a bhaineann leis an éileamh ar dhruaí a chomhrac.

Is í fíis na straitéise ná ‘Éire níos sláintiúla agus níos sábháilte, ina ndéantar sláinte agus sábháilteacht an phobail a chosaint agus ina laghdaítear na díobhálacha a dhéanann mí-úsáid substaintí do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus do phobail agus ina gcuirtear ar chumas gach duine, a raibh díobháil déanta dóibh mar thoradh ar mhí-úsáid substaintí, a sláinte agus a bhfolláine agus a gcaighdeán saoil a fheabhsú’.

Chun an fhís sin a bhaint amach, tá cúig chuspóir straitéiseach ann:

- Sláinte agus folláine a chothú agus a chosaint;
- Na díobhálacha a tharlaíonn mar thoradh ar úsáid agus ar mhí-úsáid a íoslaghdú agus athshlánú agus téarnamh a chothú;
- Dul i ngleic le díobhálacha na margáí drugaí agus rochtain ar dhruaí don úsáid dhíobhálach a laghdú;
- Tacú le rannpháirtíocht daoine aonair, teaghlaigh agus pobail;
- Polasaithe agus gníomhartha cuimsitheacha, fianaise-bhunaithe a fhorbairt.

Aithnítear sa straitéis go bhfuil gá le hidirbheartaíochtaí do mhic léinn tríú

leibhéal agus luaitear an gá le díobháil a laghdú agus le huirlisí comhairleacha gonta don treoir chuig tacaíochtaí atá ar fáil go háitiúil. Tá gníomh sa straitéis seo freisin chun cleachtas fianaise-bhunaithe agus soláthar seirbhísí a thacú.

Chuige sin, moltar caidrimh chomhoibríocha a fhorbairt le hinstiúidí tríú leibhéal i réimsí drugaí agus alcól chun tosaíochtaí taighde, Rialtas-mhaoinithe, a chur chun cinn.

6. Moltaí don Gníomhú ag Institiúidí Ardoideachais

Cé go bhfuil samplaí den dea-chleachtas in earnáil an ardoideachais, agus go bhfuil roinnt institiúidí ardoideachais tar éis polasaithe a chur i bhfeidhm cheana féin faoi úsáid substaintí neamhcheadaithe, rinne an GMF réimsí áirithe a aithint ina bhféadfadh IAOí freagairt don cheist ar mhí-úsáid drugaí agus substaintí ina n-institiúidí.

Ag éirí as seo, mhol an GMF sraith gníomhaíochtaí mar ábhar machnaimh do na h-institiúidí ardoideachais. Is féidir le hIAOí na gníomhaíochtaí is fearr a oireann dá n-institiúid féin a roghnú. Déanann an tuarascáil seo na moltaí a athchruthú agus a cheadú.

Ní bhainfidh gach ceann de na gníomhphointí atá luaite thíos le gach institiúid. Mar shampla, tagraíonn cuid acu do chóiríocht mac léinn, agus níl sé seo i gceist do roinnt IAOí. Tuigtear go bhfuil an-éagsúlachtaí i méid na n-institiúidí agus sna hacmhainní atá ar fáil i measc na nIAOí.

CEANNASAÍOCHT INSTITIÚIDEACH

Is cóir do gach institiúid ardoideachais Polasaí ar Úsáid Drugaí agus Alcóil, a bhaineann go sonrach leis an IAO, a fhorbairt.

An polasaí seo le forbairt i gcomhpháirt le haontas na mac léinn go háitiúil, i gcomhréir le agus treoraithe ag an Straitéis Náisiúnta Drugaí agus Alcól agus an Creat chun Polasaí Alcól sa Choláiste a Fhorbairt.¹¹

Is cóir do gach institiúid ardoideachais Plean Gnímh ar Úsáid Drugaí agus Alcóil, a bhaineann go sonrach leis an IAO, a fhorbairt agus a fheidhmiú.

An plean gnímh seo le forbairt i gcomhpháirt le haontas na mac léinn go háitiúil ina mbíonn raon sainphointí gnímh tógtha ó gach ceann de na ceithre réimsí: Ceannasaíocht Institiúideach; Rannpháirtíocht na Mac Léinn; Rannpháirtíocht an Phobail; agus Soláthar Seirbhísí; ina measc fócas ar oideachas; cosaint agus díobháil a laghdú.

Is cóir an plean gnímh a oiriúnú de réir riachtanas, acmhainní agus tosaíochtaí áitiúla gach institiúide ar leith, a bheith i gcomhréir leis an reachtaíocht reatha, agus treoraithe ag an Straitéis Náisiúnta Drugaí agus Alcól agus ag saineolas áitiúil.

¹¹ <https://reactalcohol.ie/wp-content/uploads/2019/02/collegealcoholpolicy.pdf>

<p>Is cóir d'IAOí meastóireacht fhoirmiúil a dhéanamh, ar a laghad uair gach trí bliana, ar éifeachtacht a bPlean Gnímh ar Úsáid Drugaí agus Alcóil.</p>	<p>Is cóir d'IAOí straitéis mheastóireachta a chruthú agus a chomhlánú chun monatóireacht a dhéanamh, ar a laghad gach trí bliana, ar éifeachtacht an Plean Gnímh do Dhrugaí agus alcól. Is féidir athbhreithnithe eatramhacha a dhéanamh ag tréimhsí níos luaithe.</p>
<p>Is cóir d'IAOí cóiríocht agus spásanna sóisialta ar an gcampas a sholáthar do mhic léinn atá saor ó dhruaí, substaintí, alcól agus tobac</p>	<p>D'fhéadfadh go n-áireofaí an fhorbairt ar chonradh don áitíocht ag tionóntaí mac léinn in árais do mhic léinn faoi úinéireacht na hinstitiúide.</p>
<p>Is cóir d'IAOí spás a sholáthar ar an gcampas IAO do ghrúpaí tacaíochta atá ag obair leo siúd atá ag streachailt le mí-úsáid drugaí agus alcól</p>	<p>D'fhéadfadh go mbeadh tréanas piara-threoraithe bunaithe ar sheirbhísí athshlánaithe ar nós HSE SMART Recovery nó Alcólaigh gan Ainm nó Támhshuanaigh gan Ainm.</p>

RANPHÁIRTÍOCHT NA MAC LÉINN

Is cóir d'IAOí a bheith gafa, agus éascú a dhéanamh ar, sonraí ag an leibhéal náisiúnta faoi úsáid drugaí in IAOí a bhailiú

Is cóir don institiúid deis a thabhairt don fhoireann suirbhé MiUSE sonraí a bhailiú ag baint úsáide as uirlis chaighdeánach don suirbhé a sholáthróidh sonraí anaithnide ó dhaoine aonair agus institiúide, ag leibhéal na hearnála, maidir le spreagthaí agus leitheadúlacht úsáide agus na neamhúsáide drugaí, an taithí ar iarmhairtí díobhálacha, spreagthaí, ullmhacht agus acmhainn don athrú.

Is cóir d'IAOí uirlis scagthástála agus idirghabhála oideachais ar líne a sholáthar agus a chur chun cinn go gníomhach do mhic léinn

Is cóir don uirlis:

- ábhar oideachais fianaise-bhunaithe a sholáthar agus roghanna aireach a thacú maidir le gan glacadh le drugaí.
- cabhrú le daoine aonair na hiarmhairtí dóibh féin agus do dhaoine eile a bhaineann le tógáil drugaí a aithint.
- aischothú a sholáthar go pearsanta do mhic léinn agus cuidiú le daoine aonair pleananna pearsanta a fhorbairt chun díobháil a laghdú agus a n-iompar maidir le tógáil drugaí a athrú.
- comharthaí chuig seirbhísí tacaíochta andúile, meabhairshláinte agus uile, san institiúid agus go háitiúil, a sholáthar.

<p>Is cóir díriú ar cheisteanna sábháilteachta i gcomhthéacs ábhair mheisciúla ar nós drugaí agus alcól nuair a bhíonn gach ócáid mhórsála do mhic léinn á eagrú</p>	<p>Is cóir mír a bhaineann le drugaí agus alcól agus aon saincheisteanna ábhartha a bhaineann le sábháilteacht, ar nós frithghníomhuithe neamhghnáthacha nó róthéamh a phlé agus a bheith ar an gclár do gach imeacht ag Aontas na Mac Léinn, cumann mac léinn agus clubanna na mac léinn, agus é a bheith luaite i bpleananna ar bhainsitíocht imeachtaí go mbaineann baol díobhála le meisce agus gur chóir a bheith san airdeall faoi sin ag a leithéid d'imeachtaí.</p> <p>Is cóir d'eagraithe deiseanna a lorg go gníomhach chun bolscaireacht a dhéanamh ar imeachtaí gan alcól/substaintí mar aon le bolscaireacht a dhéanamh ar thosaíochtaí chun díobháil a laghdú agus treoirlínte a bheith acu faoin ar chóir a dhéanamh i gcás éigeandála mar aon le húsáid a bhaint as acmhainní fheachtas na FSS d'imeachtaí.</p>
<p>Is cóir d'IAOí córas um Tacaíocht an Phobail do Mhic Léinn a fhorbairt agus a fheidhmiú</p>	<p>Córas Tacaíochtaí Pobail do Mhic Léinn a fhorbairt agus a fheidhmiú do na príomh “seachtainí na mac léinn” (m.sh. Seachtain Phléaracaim, Seachtain na bhFreisear, srl.) chun tacú le mic léinn i rith seachtainí ina mbíonn an-chuid imeachtaí mac léinn ar siúl. Is cóir aontais na mac léinn a ghríosadh chun a dteachtaireachtí a roinnt ar chainéil na meáin shóisialta, agus ar an gcampas, sula dtosaíonn imeachtaí nó féiltí na mac léinn.</p>

RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL	
Is cóir d'IAOí cruinniú bliantúil a thionól le páirtithe leasmhara áitiúla.	<p>Cruinniú amháin in aghaidh na bliana, ar a laghad, a thionól le páirtithe leasmhara (m.sh. na Gardaí áitiúla, cónaitheoirí, gnónna áitiúla, srl.) mar fhóram chun ábhair inní a phlé, moltaí a mheas, agus freagairt do na hábhair inní seo.</p>
Is cóir d'IAOí páirtnéireachtaí a fhorbairt le grúpaí pobail áitiúla ábhartha	<p>Páirtnéireachtaí forbartha le grúpaí pobail áitiúla ábhartha (m.sh. an chomhairle áitiúil, coiste na gcathracha sláintiúla srl., tascfhórsaí drugaí agus alcóil go háitiúil agus go náisiúnta).</p>

SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ	
Is cóir do gach institiúid ardoideachais Oifigeach Sinsearach san IAO a ainmniú chun freagracht a ghlacadh ar fhorbairt an Pholasaí a threorú agus Plean Gnímh a chur i bhfeidhm	Is cóir oifigeach sinsearach a aithint i ngach IAO le bheith freagrach do threorú agus d'fheidhmiú an pholasaí agus pleanáil lena dheimhniú go bhfaightear tiomantas ardleibhéal na hinstitiúide. Údarás, iontaoibh agus saineolas a bheith ag an oifigeach chun cuidiú leis an athrú sa réimse dúshlánach seo a threorú agus a éascú.
Is cóir seirbhísí comhairleoireachta do Dhrugaí agus Alcól a bheith ar fáil do mhic léinn san IAO	Is cóir acmhainní breise a chur ar fáil do chomhairleoireacht agus do sheirbhísí sláinte do mhic léinn chun comhairleoireacht agus seirbhísí sláinte don andúil a mbíonn fáil gan dua orthu a sholáthar do mhic léinn, chun díriú ar dhíobhálacha drugaí. Seirbhísí na FSS le feidhmiú i gcomhpháirt, nuair is cuí, le seirbhísí stáit agus na hearnála deonaigh a d'fhéadfadh a bheith ar fáil sa phobal.
Is cóir d'IAOí conair atreoraithe infheicthe agus inrochtana a fhorbairt do sheirbhísí mac léinn chun andúil a mheas agus a chóireáil	Conair atreoraithe infheicthe agus inrochtana a fhorbairt chuig raon seirbhísí tacaíochta do mhic léinn, go himmheánach agus go seachtrach.
Is cóir d'IAOí idirbheartaíochtaí a sholáthar a bhíonn dírithe ar na grúpaí is mó atá i mbaol	

Is cóir d'IAOí oiliúint a sholáthar don fhoireann agus do mhic léinn faoin tslí le hidirghabháil agus comhairle ghonta a sholáthar

Is cóir go mbeadh eochairdhaoine san institiúid a bheith ábalta idirbheartaíocht agus comhairle ghonta a sholáthar ar mhí-úsáid drugaí agus alcól agus tuiscint shoiléir a bheith acu ar chonair atreoraithe, go himmheánach agus go seachtrach, chuig seirbhísí eile.

Is cóir do gach institiúid na príomhdhaoine seo a aithint agus d'fhéadfadh go mbeadh meantóirí foirne, piaraí, agus seirbhísí leasa, mar aon le seirbhísí leighis agus comhairleoireachta, san áireamh.

7. Bailiú Sonraí

Tá tús curtha cheana féin leis an obair chun na moltaí seo a fheidhmiú, mar tá an grúpa MiUSE in Ollscoil Chorcaí, faoi threoir an Dochtúir Michael Byrne, maoinithe chun taighde stóinsithe a dhéanamh le sonraí go dáta agus sain-earnála a bhailiú ar an an gceist a bhaineann le hÚsáid Drugaí san Ardoideachas in Éirinn, mar atá molta i bPríomhghníomh uimhir 4.

Tá sé ríthábhachtach go mbíonn sonraí cruinn ar fáil chun cuidiú le bonn eolais a chruthú do ghníomhaíochtaí todhchaí agus do straitéis sa réimse seo, agus d'aontaigh 22 IAO páirt a ghlacadh sa staidéar ar Úsáid Drugaí san Ardoideachas in Éirinn (DUHEII). Grinn-iniúchadh ar gach earnáil ar leith a bheidh i gceist ina mbreathnófar ar úsáid, agus go deimhin neamhúsáid, drugaí i measc ár gcuid mac léinn, ag breathnú ach go háirithe ar na spreagthaí a chuireann iad ag úsáid nó gan a bheith ag úsáid drugaí, na droch-iarmhairtí a fhulaingítear, a dtoilteanas agus a n-acmhainn athrú ó thaobh drugaí a úsáid nó tréanas a chleachtadh, mar aon leis an tionchar a bhíonn ag drugaí ar a n-eispéaras acadúla.

Cuideoidh an mhodheolaíocht stóinsithe a úsáidtear sa taighde lena dheimhniú go n-éiríonn linn freagairt a fháil a bhíonn chomh hionadaíoch agus is féidir, maar go mbeidh méid an tsampla an-mhór ar fad chun an tacar sonraí is cuimsithí go dtí seo a sholáthar ar an gceist.

Tá tacaíocht láidir ag an suirbhé ó Aontas na Mac Léinn in Éirinn agus tá saineolaithe ar an bhfoireann tionscadail in Ollscoil Chorcaí i réimsí Sláinte agus Folláine na Mac Léinn, Sláinte Phoiblí, Síceolaíocht Fheidhmeach, agus Córais Faisnéise Gnó, agus tá treoir sheachtrach agus ionchur ar fáil ón Dochtúir Eamonn Keenan, Treoraí Cliniciúil Náisiúna – Seirbhísí Andúile, ón Ollamh Mary Cannon RCSI, Síceolaí Comhairleach agus ón Dochtúir Johanna Ivers, Ollamh Cúnta Andúile i gColáiste na Tríonóide.

Tá féidearthacht ag an staidéar seo léargas fadaimseartha a sholáthar ar an

gceist shochaíoch ríthábhachtach seo dár n-earnáil oideachais 3^ú leibhéal agus léiríonn na sárleibhéil tiomantais don suirbhé seo ag institiúidí tríú leibhéal a dtoilteanas na Príomhghníomhartha agus na Gníomhartha eile atá molta sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

Aguisín 1 – Bail an GMF

An Dochtúir Andrew Power (Cathaoirleach)	An Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta (IADT)
An Dochtúir Michael Byrne (Treoraí)	Ceann na Seirbhísí Sláinte do Mhic Léinn, Ollscoil Chorcaí
An Dochtúir Eamon Keenan	Treoraí Cliniciúil Náisiúna – Seirbhísí Andúile, FSS
Nicki Killeen	Oibrí Forbartha, Oifig um Ionchuimsiú Sóisialta Náisiúnta, FSS
Paul Moriarty	Stiúrthóir ar Thaithí na Mac Léinn, Ollscoil Chorcaí/ Cathaoirleach ar Ghnóthaí na Mac Léinn in Éirinn
Mai Fanning	Uachtarán Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí - Iar-Bhunoideachas
John Hannon	Stiúrthóir Seirbhísí na Mac Léinn, OÉ Gaillimh
Jimmy McGovern	OÉ Gaillimh
An tAthair Ben Hughes	OÉ Gaillimh (Séiplíneacht)
Roisin O' Connell	An Cumann Teicneolaíochta um Ardoideachais (THEA)
Lia O'Sullivan	Ceann na Cumarsáide, Cumann Ollscoileanna na hÉireann (IUA)
Róisín O'Donovan	Leas-Uachtarán Aontas na Mac Léinn in Éirinn – Oifigeach Leasa
Coimisinéir Cúnta John O'Driscoll	Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta
Coimisinéir Cúnta Orla McPartlin	Rannpháirtíocht sa Phobal agus Sábháilteacht Phoiblí
An Ceannfort Kevin Daly	
An Dochtúir Jo-Hanna Ivers	Ollamh Cúnta Andúile, Coláiste na Tríonóide
An tOllamh Mary Cannon	Síciatraí, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn (RCSI) – Tascfhórsa ar Mheabhairshláinte Óige
Terry Twomey	Leas-Uachtarán Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, Gnóthaí Acadúla & Clárathoir
Meabh McGuinness	Bainisteoir Tionscadail don Oideachas, FSS
Gertie Raftery	Cathaoirleach CSIAO
Laura Devlin	Riarthóir

Aguisín 2 – Institiúidí atá Páirteach i mBailiú Sonraí

Seo a leanas liosta na n-institiúidí a bhí páirteach i mBailiú Sonraí mar atá mínithe thuas.

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo
Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach
Institiúid Teicneolaíochta Shligigh
Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí
Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh
Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad
An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn
Coláiste Naomh Aingeal, Sligeach
Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Ollscoil Chorcaí
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Ollscoil Luimnigh
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge
Coláiste Mhuire gan Smál

